RIALACHÁN (AE) 2021/1891 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn XIV agus Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú isteach san Aontas agus iad a bheith ar idirthuras tríd

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) ([1]), agus go háirithe Airteagal 41(3), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír, agus Airteagal 42(2), pointí (a), (b) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh na rialacha maidir le sláinte an phobail agus le haghaidh shláinte ainmhithe maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear deimhnithe sláinte samplacha agus an liosta de thríú tíortha atá údaraithe chun coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd.

(2) Go háirithe, leagtar amach i gCaibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 na ceanglais shonracha maidir le coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe atá le húsáid lasmuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe saothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh, a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd. Tá de cheangal ar choinsíneachtaí den sórt sin na rialacha a leagtar amach i dTábla 2 de Roinn 1 den Chaibidil sin *inter alia* a chomhlíonadh.

(3) Go sonrach, leagtar amach i ró 14 de Thábla 2, *inter alia*, an liosta de thríú tíortha atá údaraithe le coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe le haghaidh úsáidí lasmuigh den slabhra beathaithe a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd, lena n-áirítear coinsíneachtaí fionnaidh chun táirgí díorthaithe a mhonarú, ábhair chatagóir 3, dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (n), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. D'iarr Ballstáit áirithe go leasófaí ró 14 de Thábla 2 chun liosta de thríú tíortha atá údaraithe le fionnadh a allmhairiú isteach san Aontas a chur san áireamh chun táirgí díorthaithe a mhonarú. Níl aon liosta ann de thríú tíortha atá údaraithe chun táirgí ainmhithe fionnaidh a allmhairiú isteach san Aontas, ach leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ([3]) ón gCoimisiún liosta de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh, atá údaraithe le coinsíneachtaí d'fheoil úr ainmhithe crúbacha a thabhairt isteach san Aontas. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas ó na Ballstáit, is iomchuí liosta a áireamh de thríú tíortha ónar féidir fionnadh a allmhairiú isteach san Aontas i ró 14 de Thábla 2, fionnadh chun táirgí díorthaithe a mhonarú. Na tríú tíortha óna n-údaraítear feoil úr na gcrúbach a thabhairt isteach san Aontas, ós tíortha iad a thugann leibhéal ard rialuithe oifigiúla agus cosanta do shláinte an phobail agus do shláinte na n-ainmhithe, is tráthúil fionnadh a allmhairiú ó na tríú tíortha chun táirgí díorthaithe sin a mhonarú.

([1]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna i dtríú tíortha óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 11).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(5) Mar aon leis sin, i gCaibidil 3(F) agus i gCaibidil 8 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, leagtar amach deimhnithe sláinte samplacha d'allmhairí seachtháirgí ainmhithe agus de tháirgí díorthaithe a thugtar isteach san Aontas, nó a chuirtear ar idirthuras tríd, chun bia peataí a mhonarú chomh maith le hallmhairí a úsáidtear lasmuigh den slabhra beathaithe nó mar shamplaí trádála faoi seach. I measc nithe eile, cuimsíonn na deimhnithe sláinte samplacha sin an ceanglas go gcaithfí na hainmhithe óna ndíorthaítear seachtháirgí ainmhithe a choinneáil ar aon ghabháltas amháin ar feadh 40 lá roimh a marú. Ó thaobh sláinte ainmhithe de, áirithíonn tréimhse chónaithe réamh-mharaithe 40 lá den sórt sin sábháilteacht na seachtháirgí ainmhithe neamhphróiseáilte nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad. Tír a bheith glan ar an ngalar crúb agus béil gan aon vacsaíniú a dhéanamh inti, sin é an stádas sláinte ainmhithe is fónta de réir chaighdeáin na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), agus tríú tíortha a bhfuil an stádas sláinte ainmhithe sin acu, is tíortha iad atá údaraithe chun coinsíneachtaí feola úire a allmhairiú isteach san Aontas agus a iompar tríd gan tréimhse chónaithe 40 lá den sórt sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad gach ceanglas eile i leith sláinte ainmhithe. Tríú tíortha áirithe atá saor ón ngalar crúb agus béil gan aon vacsaíniú a chleachtadh, is amhlaidh a d'iarr siad ar an gCoimisiún iad a údarú chun seachtháirgí ainmhithe neamhphróiseáilte a allmhairiú isteach san Aontas gan an tréimhse chónaithe 40 lá a bheith i gceist roimh ré. Na coinníollacha sláinte ainmhithe maidir le hallmhairiú seachtháirgí ainmhithe, is coinníollacha iad ba cheart a ailíniú le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le feoil úr a thabhairt isteach san Aontas, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

(6) Dá bhrí sin, na deimhnithe sláinte samplacha do sheachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a mhonarú, rud atá leagtha amach i gCaibidil 3(F) d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, agus do sheachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála, rud a leagtar amach i gCaibidil 8 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin, is deimhnithe iad ba cheart a leasú dá réir sin.

(7) Rud eile, is éard a fhoráiltear i gCaibidil V d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 go ndéanfar táirgí díorthaithe ó ábhar Chatagóir 1 nó ó ábhar Chatagóir 2 a bhuanmharcáil le marcóir ceimiceach chun a ligean isteach sa slabhra beatha a chosc, sin agus chun rialuithe oifigiúla beatha a áirithiú. Níl aon ghá marcáil a dhéanamh le marcóir ceimiceach i gcás na saillte leáite i gCatagóir 3. Dá bhrí sin, an fhoclaíocht earráideach sa deimhniú sláinte samplach atá leagtha amach i gCaibidil 10(B) d'Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin, is foclaíocht í is éigean a cheartú i gcás allmhairí saillte leáite nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, allmhairí atá le húsáid lasmuigh den slabhra beathaithe, nó a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh chuig an Aontas nó a n-iompar tríd.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(9) Ar mhaithe le cur isteach ar thrádáil a sheachaint, ba cheart foráil leis an Rialachán seo d'idirthréimhse inar cheart leanúint ag glacadh leis na tráchtearraí lena mbaineann na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 leis an Rialachán seo maidir le hallmhairiú isteach san Aontas agus ar idirthuras tríd an Aontas, ar choinníoll go gcomhlíonann na tráchtearraí sin na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 roimh na leasuithe a rinneadh leis an Rialachán seo.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní XIV agus XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar idirthréimhse go dtí an 31 Bealtaine 2022, i gcomhair a n-allmhairithe chuig an Aontas nó a gcur ar idirthuras tríd, leanfar ag glacadh le coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe lena ngabhann deimhniú sláinte samplach arna chomhlánú agus arna shíniú go cuí i gcomhréir leis an múnla iomchuí den deimhniú sláinte samplach a leagtar amach i gCaibidil 3(F), i gCaibidil 8 agus i gCaibidil 10(B) d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 sa leagan ab infheidhme roimh na leasuithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 den Rialachán seo, ar choinníoll go mbeidh na deimhnithe sláinte nó na dearbhuithe sláinte sin comhlíonta agus sínithe go cuí tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn XIV, Caibidil II, Roinn 1, Tábla 2, sraith 14, colún "liosta tríú tíortha" cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

   "(d) I gcás fionnaidh chun táirgí díorthaithe a mhonarú:

   Tríú tíortha atá liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún (*) óna n-údaraítear feoil úr ainmhithe crúbacha a thabhairt isteach san Aontas.

   _____

   (*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna de thríú tíortha óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).".

2. leasaítear Iarscríbhinn XV mar a leanas:

   (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 3(F):

"CAIBIDIL 3(F)

Deimhniú sláinte

Maidir le seachtháirgí ainmhithe (3) chun bia peataí a mhonarú a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh chuig an Aontas Eorpach nó a chur ar idirthuras tríd (2)

TÍR: **Deimhniú tréidliachta le haghaidh an AE**

Cuid I: Sonraí na coinsíneachta seolta

I.1. Coinsíneoir Ainm Seoladh Teil.		I.2. Uimhir thagartha an deimhnithe	I.2.a.
		I.3. Údarás inniúil lárnach	
		I.4. Údarás inniúil áitiúil	
I.5. Coinsíní Ainm Seoladh Cód poist Teil.		I.6. An duine atá freagrach as an ualach san Aontas Ainm Seoladh Cód poist Teil.	
I.7. Tír thionscnaimh Cód ISO	I.8. Réigiún tionscnaimh Cód	I.9. Tír chinn scríbe Cód ISO	I.10. Réigiún cinn scríbe Cód
I.11. Áit tionscnaimh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh		I.12. Ceann scríbe Stóras custaim ☐ Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Cód poist	
I.13. Ionad luchtaithe		I.14. Dáta imeachta	
I.15. Modh iompair Eitleán ☐ Long ☐ Vaigín iarnróid ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile ☐ Sainaithint Uimhir thagartha na doiciméadachta		I.16. Pointe Iontrála PCT san Aontas	
		I.17.	
I.18. Cur síos ar an tráchtearra		I.19. Cód an tráchtearra (Cód CC)	
		I.20. Cainníocht	
I.21. Teocht an táirge Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite ☐		I.22. An líon pacáistí	
I.23. Uimh. Séala/Taisceadáin		I.24. Cineál pacáistíochta	
I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh: Monarú bia peataí ☐ Tuilleadh próiseála ☐ Úsáid theicniúil ☐			
I.26. Le cur ar idirthuras tríd an Aontas chuig tríú tír ☐ Tríú tír Cód ISO		I.27. Le hallmhairiú isteach san Aontas nó le ligean isteach ann ☐	
I.28. Sainaithint na dtráchtearraí Uimhir formheasa na mbunaíochtaí Speiceas (Ainm eolaíoch) Cineál an tráchtearra Monarcha na monaraíochta An líon pacáistí Meáchan glan Uimhir na baisce			

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe le haghaidh mhonarú bia peataí**

Cuid II: Deimhniúchán

II.	**Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

Is mise an tréidlia oifigiúil a bhfuil a shíniú anseo thíos, agus deimhním gur léigh mé agus gur thuig mé Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle([1a]), agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011([1b]) ón gCoimisiún, agus go háirithe Caibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis, agus deimhním maidir leis na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil cur síos orthu thuas:

II.1.1. gurb éard atá iontu seachtháirgí ainmhithe a bhfuil na ceanglais sláinte ainmhithe thíos comhlíonta acu;

II.1.2. go bhfuarthas iad i gcríocha: ……([1c]) ó ainmhithe:

([2])is é sin [atá gan imeacht ó na críocha seo ó rugadh iad, sin nó le tréimhse nach giorra ná trí mhí roimh dáta a maraithe nó dáta an táirgthe;]

([2])nó a maraíodh ar an bhfiántas sna críocha seo ([1d]);]

([2])nó [ar ainmhithe iad d'oird zó-eolaíochta Rodentia nó Lagomorpha, ainmhithe uisceacha nó inveirteabraigh talún nó uisceacha;]

([2])is é sin [II.1.3. seachtháirgí a fuarthas nó a táirgeadh ó ainmhithe nár maraíodh ná nár maraíodh chun aon ghalar eipeasótach a dhíothú, agus

(a) ó ghabháltais

(i) i gcás na ngalar seo a leanas, galair a liostaítear na hainmhithe ina leith i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, galair nach raibh cás ar bith díobh ann, ná ráig de phlá na mbó, de ghalar Newcastle ná de fhliú ardphataigineach na n-éan le linn na tréimhse 30 lá roimhe sin, ná fiabhras muc clasaiceach ná fiabhras na muc Afracach le linn na tréimhse 40 lá go nuige sin; ná sna gabháltais atá i bhfoisceacht 10 km díobh ar gach aon taobh, le linn na tréimhse 30 lá go nuige sin; agus

(ii) i gcás nár tharla cás/ráig den ghalar crúb agus béil i rith na tréimhse 60 lá roimhe sin, ná sna gabháltais atá i bhfoisceacht 25 km de ar gach aon taobh, i rith na tréimhse 30 lá go nuige sin; agus

([2])is é sin [(b) ainmhithe a d'fhan sna gabháltais bunaidh ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh an dáta imeachta agus a iompraíodh díreach chuig an seamlas gan aon teagmháil d'ainmhithe eile nach raibh na coinníollacha sláinte céanna comhlíonta acu;]]

([2]) nó [(b) ainmhithe a d'fhan ar ghabháltais faoi mhaoirseacht tréidliachta sa tríú tír nó i gcuid de chríoch an tríú tír - tionscnaimh óna n-údaraítear allmhairí feola úire crúbach gan aon srian i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus ar láthair an tseamlais

(i) ainmhithe a tháinig tríd an gcigireacht sláinte réamhbháis i rith na tréimhse 24 n-uaire an chloig roimh am a maraithe agus nár léir iontu aon fhianaise ar na galair dá dtagraítear thuas a bhfuil na hainmhithe soghabhálach ina leith; agus

(ii) a láimhseáladh sular maraíodh iad nó ar uair a maraithe i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de reachtaíocht an Aontais, ainmhithe a chomhlíon ceanglais atá coibhéiseach ar a laghad leis na ceanglais atá leagtha síos i gCaibidil II agus i gCaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle([4])]]

([2])nó [II.1.3. a fuarthas nó a táirgeadh ó ainmhithe nár maraíodh chun aon ghalar eipeasótach a dhíothú, agus

(a) a gabhadh nó a maraíodh ar an bhfiántas i gceantar:

(i) nach raibh cás/ráig d'aon cheann de na galair seo a leanas ann i bhfoisceacht 25 km de ar gach aon taobh, galair a liostaítear na hainmhithe ina leith i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882: an galar crúb agus béil, plá na mbó, an galar Newcastle, nó fliú ardphataigineach na n-éan, le linn na tréimhse 30 lá go nuige sin, ná fiabhras clasaiceach nó fiabhras na muc Afracach le linn na tréimhse 40 lá go nuige sin; agus

(ii) atá suite 20 km ar a laghad ó aon tír nó ó aon chuid de chríoch tíre nach bhfuil údaraithe chun ábhar éanlaithe clóis a onnmhairiú isteach san Aontas Eorpach le linn na 30 lá go nuige sin, ná ábhar na muc le linn na 40 lá go nuige sin; agus

(b) a iompraíodh, tar éis a maraithe, laistigh de thréimhse 12 uair an chloig tar éis a maraithe chun fuarú go dtí ionad bailiúcháin agus díreach ina dhiaidh sin go dtí bunaíocht láimhseála géim, nó díreach chuig bunaíocht láimhseála géim;]

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe le haghaidh mhonarú bia peataí**

II.	**Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

II.1.4. a fuarthas i mbunaíocht nach raibh aon chás ná ráig de na galair dá dtagraítear i bpointe II.1.3 i bhfoisceacht 10 km de le linn na tréimhse 30 lá go nuige sin, galair a bhfuil na hainmhithe soghabhálach ina leith, nó má tharla go raibh cás den ghalar ann, gan ullmhú amhábhair le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach a bheith údaraithe ach amháin tar éis gach feoil a bhaint as, sin agus an bhunaíocht atá faoi rialú tréidlia oifigiúil a bheith ghlanta agus a dhífhabhtaithe ina hiomláine;

II.1.5. a fuarthas agus a ullmhaíodh gan teagmháil d'aon ábhar eile nach gcomhlíonann na coinníollacha a cheanglaítear thuas, agus a láimhseáladh chun éilliú le hoibreáin phataigineacha a sheachaint;

II.1.6. a pacáladh i bpacáistíocht nua a chuireann cosc ar sceitheadh agus sin i dtaisceadáin atá séalaithe go hoifigiúil agus ar a bhfuil an lipéad a thugann le fios "AMHÁBHAR AMHÁIN LE hAGHAIDH MHONARÚ BIA PEATAÍ" agus ainm agus seoladh bhunú an chinn scríbe san Aontas Eorpach;

II.1.7. nach bhfuil ann ach na seachtháirgí ainmhithe seo a leanas:

([2]) [- conablaigh agus codanna d'ainmhithe a maraíodh, nó i gcás géim coirp nó codanna d'ainmhithe a maraíodh a measadh a mbeith oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais go dtí go ndearbhaítear go do-athraithe ar chúiseanna tráchtála gur seachtháirgí ainmhithe atá iontu;]

([2])agus/nó [- conablaigh agus na codanna seo a leanas dár bunús ainmhithe a maraíodh i seamlas agus ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia don duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu nó coirp agus na codanna seo a leanas d'ainmhithe ó ghéim a maraíodh mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais:

(i) conablaigh nó coirp agus codanna d'ainmhithe a ndiúltaítear dóibh ós ábhar mí-oiriúnach iad mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ach nár léir orthu aon rian de ghalar a d'fhéadfadh duine ná ainmhí é a tholgadh;

(ii) cloigne éanlaith clóis;

(iii) seithí agus craicne, lena n-áirítear an fuílleach agus aon fhoroinnt orthu, adharca agus cosa, lena n-áirítear na falaing agus cnámha carpais agus meiteacharpais, cnámha tarsais agus meiteatarsais;

(iv) guaire muice;

(v) cleití;]

([2])agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ó tháirgeadh táirgí atá ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear cnámh agus geirdheascadh díbhealaithe, lártheifneoir nó deighilteoir sloda ó phróiseáil bainne;]

([2])agus/nó [- táirgí de bhunadh ainmhíoch, nó earraí bia ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch nach bhfuil ceaptha a thuilleadh mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála nó de bharr fadhbanna monaraíochta nó fadhbanna pacáistithe nó fadhbanna eile nach n-eascraíonn aon riosca don tsláinte phoiblí ná do shláinte ainmhithe astu;]

([2])agus/nó [- ainmhithe uisceacha, agus codanna d'ainmhithe den sórt sin, seachas mamaigh mhara, nár léir orthu aon rian de ghalair atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;]

([2])agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ó ainmhithe uisceacha dár bunús monarcha nó bunaíochtaí ina monaraítear táirgí a bheidh á gcaitheamh ag an duine;]

([2])agus/nó [- ón ábhar seo a leanas dár bunús ainmhithe nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe:

(i) sliogáin ó shliogéisc a bhfuil fíochán bog iontu nó bia bog;

(ii) na nithe seo a leanas dár bunús ainmhithe talúnda:

— seachtháirgí gorlainne,

— uibheacha,

— seachtháirgí uibheacha lena n-áirítear blaoscanna uibhe;

(iii) sicíní lae a maraíodh ar chúiseanna tráchtála;]

([2])agus/nó [- seachtháirgí inveirteabrach uisceach agus talúnda seachas speicis atá pataigineach don duine nó d'ainmhithe;]

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe le haghaidh mhonarú bia peataí**

II.	**Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

(2)agus/nó [- ainmhithe agus codanna díobh d'oird zó-eolaíochta Rodentia agus Lagomorpha, ach amháin ábhar Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8 pointe (a)(iii), (iv) agus (v), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus ábhar Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9 pointí (a) go (g) den Rialachán sin;]

(2)agus/nó [- ábhar ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu le substaintí áirithe a thoirmisctear le Treoir 96/22/CE ón gComhairle ([4a]), ábhar a gceadaítear é a allmhairiú de réir Airteagal 35, pointe (a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;]

II.1.8. iad arna ndomhainreo sa ghléasra tionscnaimh nó iad leasaithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar bhealach nach loitfear iad idir an seoladh agus an seachadadh chuig an monarcha cinn scríbe san Aontas Eorpach ná le linn an idirthurais tríd an Aontas Eorpach;

II.1.9. i gcás amhábhair a dhíorthaítear ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu le substaintí áirithe a thoirmisctear le Treoir 96/22/CE chun bia peataí a mhonarú, amhábhar a gceadaítear é a allmhairiú i gcomhréir le hAirteagal 35, pointe (a)(ii) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009:

(a) é a bheith marcáilte sa tríú tír sula dtagann sé isteach i gcríocha an Aontais Eorpaigh le cros charbóin déanta as fioghual leachtaithe nó as carbóin gníomhachtaithe ar gach taobh seachtrach de gach bloc reoite, nó nuair a iompraítear an t-amhábhar i bpailléid nach bhfuil roinnte ina gcoinsíneachtaí ar leith agus iad á n-iompar go dtí monarcha bia peataí cinn scríbe san Aontas Eorpach nó le linn an idirthurais tríd an Aontas Eorpach, ar gach aon taobh seachtrach de gach pailléad, ar shlí a chumhdaíonn 70 % ar a laghad den bhloc reoite ar a thrastomhas agus é ar a laghad 10 cm ar leithead;

(b) i gcás ábhair nach bhfuil reoite, an t-amhábhar a bheith marcáilte sa tríú tír sula dtugtar isteach i gcríocha an Aontais Eorpaigh é trína spraeáil le fioghual leachtaithe nó trí phúdar fioghuail a chur i bhfeidhm ar shlí ina mbeidh an fioghual sofheicthe ar an ábhar; agus

(c) i gcás ina bhfuil na seachtháirgí ainmhithe déanta d'amhábhar a cóireáladh dá dtagraítear thuas agus d'amhábhar neamhchóireáilte eile, na hamhábhair uile dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) thuas a bheith marcáilte.

(2)(5)[II.2. Ceanglais shonracha

(2)(6)[II.2.1. Is ó ainmhithe atá á gcoinneáil sa chríoch dá dtagraítear i bpointe (II.1.2) a thagann na seachtháirgí sa choinsíneacht seo, i gcás ina bhfuil cláir vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb agus béil á ndéanamh go rialta agus á rialú go hoifigiúil i mbó-ainmhithe clóis.]

(2)(7)[II.2.2. Níl sna seachtháirgí sa choinsíneacht seo ach seachtháirgí ainmhithe a dhíorthaítear ó scairteach bhearrtha ainmhithe athchogantacha baile a aibíonn ag teocht chomhthimpeallach is airde ná + 2 °C ar feadh tréimhse trí huaire an chloig ar a laghad, nó i gcás matáin mhaisithe bó-ainmhithe agus feoil dhíchnámhaithe ainmhithe clóis, ar feadh tréimhse 24 uair an chloig ar a laghad.]]

(2)[II.3. tá táirgí de bhunadh athchogantach sna seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a mhonarú, nó faightear na seachtháirgí sin ó tháirgí de bhunadh athchogantach agus:

(2)is é sin [a mbunús is i dtír nó i réigiún nach n-aicmítear ach ina riosca diomaibhseach einceifileapaite spúinseach bólachta (ESB) i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún([8]), agus nach raibh aon chás dúchasach ESB ann, agus]]

(2)nó [a mbunús is i dtír nó i réigiún nach bhfuil aicmithe ach ina riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ina raibh cás dúchasach ESB, agus inar díorthaíodh na seachtháirgí ainmhí nó na táirgí díorthaithe ó ainmhithe a rugadh tar éis an dáta óna ndearnadh an toirmeasc ar athchogantaigh a bheathú le feoil agus min chnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, faoi mar atá sainmhínithe san Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa tír sin nó sa réigiún sin, agus

(2) [a dhíorthaítear ó athchogantaigh seachas ainmhithe de chineál na mbó-ainmhithe, na gcaorach, nó na ngabhar.]]]

(2)nó [ábhair ó bhó-ainmhithe, nó ó ainmhithe de chineál na gcaorach agus na ngabhar seachas ábhair a dhíorthaítear ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe ina riosca diomaibhseach ESB de réir Chinneadh 2007/453/CE.]]]

(2)nó [níl:

(a) ábhar sonrach riosca faoi mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'larscríbhinn V de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ([9]);

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe le haghaidh mhonarú bia pataí**

II. **Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

(b) feoil a scartar ó chnámha bó-ainmhithe le hinneall, nó ó chnámha ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar, seachas ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe ina riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, nach raibh aon chás dúchasach den ESB ann,

(c) seachtháirge ainmhithe a fhaightear ó chineál na mbó-ainmhithe, na gcaorach, nó na ngabhar, ainmhithe a maraíodh tar éis a néalaithe, trí stolladh i bhfíochán na néaróg le huirlis fhada ar chruth slaite a cuireadh isteach sa chuas cráiniach, nó trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach, seachas i gcás na n-ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe mar riosca diomaibhseach BSE de réir Chinneadh 2007/453/CE.]]]

Nótaí

Cuid I:

— Tagairt bosca I.6: An duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é ar an tráchtearra idirthurais; is féidir é a líonadh isteach más le haghaidh tráchtearra atá le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach atá an deimhniú sin.

— Tagairt bosca I.12: Ceann scríbe: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é ar thráchtearra idirthurais. Táirgí atá ar idirthuras, is táirgí iad nach féidir a stóráil ach i saorlimistéir, i dtrádstórais shaora nó i dtrádstórais custaim.

— Tagairt bosca I.15: Uimhir chlárúcháin (vaigíní nó taisceadáin agus leoraithe), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (long); ní mór faisnéis a sholáthar i gcás díluchtú agus athluchtú san Aontas Eorpach.

— Tagairt bosca I.19: úsáidtear an cód cuí don Chóras Comhchuibhithe (HS): 05.04; 05.06; 05.07; 05.11.91 nó 05.11.99; 23.01; 41.01.

— Tagairt bosca I.23: i gcás bulc-taisceadán, ní mór uimhir an taisceadáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a áireamh.

— Tagairt bosca I.25: úsáid theicniúil: gach úsáid seachas beathú ainmhithe saothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, agus táirgeadh nó monarú bia pataí.

— Tagairt I.26 agus I.27 sa bhosca: líon isteach de réir mar is deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá i gceist.

— Tagairt bosca I.28:

  — speiceas: roghnaigh as an méid seo a leanas: Aves, Ruminantia, Suidae, Mammalia seachas Ruminantia nó Suidae, Pesca, Mollusca, Crustacea, inveirteabraigh seachas Mollusca agus Crustacea;

  — Monarcha na monaraíochta: déantar uimhir rialaithe tréidliachta na bunaíochta formheasta a sholáthar.

Cuid II:

([1a]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([1b]) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

([1c]) Ainm agus códuimhir ISO na tíre onnmhairiúcháin faoi mar a leagtar síos in:

— Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1);

— Pointe 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus

— Cuid 1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 119/2009 ón gCoimisiún (IO L 39, 10.2.2009, lch. 12).

Ina theannta sin, ní mór cód ISO an réigiúnaithe sna hIarscríbhinní thuasluaite (i gcás inarb infheidhme maidir leis na speicis shoghabhálacha lena mbaineann) a áireamh.

([1d]) Do thíortha amháin óna bhfuil géimfheoil atá ceaptha mar bhia don duine den speiceas ainmhí céanna údaraithe lena hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach.

([2]) Scrios de réir mar is iomchuí.

([3]) Seachas fuil amh, bainne amh, seithí agus craicne, crúba agus adharca, guaire muice agus cleití (féach na deimhnithe sonracha ábhartha san Iarscríbhinn sin maidir le hallmhairiú na dtáirgí sin).

([4]) IO L 303, 18.11.2009, lch. 1.

([4a]) IO L 125, 23.5.1996, lch. 3.

([5]) Ráthaíochtaí breise atá le cur ar fáil nuair nach gceadaítear ach ábhar ainmhithe athchogantacha baile de thionscnamh tíre de chuid Mheiriceá Theas nó de chuid na hAfraice Theas, nó cuid de, ó áit nach gceadaítear a onnmhairiú as chuig an Aontas Eorpach ach feoil dhíchnámhaithe úr na n-athchogantach intíre lena caitheamh ag an duine. Chomh maith leis sin, ceadaítear matáin mhaisithe iomlána na mbó-ainmhithe, arna ngearradh i gcomhréir le Roinn IV, Caibidil I, Cuid B.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 139, 30.4.2004, lch. 206).

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe le haghaidh mhonarú bia peataí**

II. **Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

([6]) Le haghaidh cuid de thíortha Mheiriceá Theas agus iad sin amháin.
([7]) Le haghaidh cuid de thíortha Mheiriceá Theas agus na hAfraice Theas agus iad sin amháin.
([8]) IO L 172, 30.6.2007, lch. 84.
([9]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

— Ní mór an síniú agus an stampa a bheith ar mhalairt datha ó chló an téacs.
— Nóta don duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: is chun críocha na tréidliachta amháin a úsáidfear an deimhniú seo, agus ní mór é a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sé post cigireachta teorann (PCT) an Aontais Eorpaigh.

Tréidlia oifigiúil/Cigire oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha): Cáilíocht agus teideal:

Dáta: Síniú:

Stampa:

”;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Caibidil 8:

"CAIBIDIL 8

Deimhniú sláinte

Maidir le seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála [2] a bhfuil sé beartaithe iad a sheoladh chuig an Aontas Eorpach nó a chur ar idirthurais tríd [2] an Aontas

TÍR: **Deimhniú tréidliachta le haghaidh an Aontais**

Cuid I: Sonraí na coinsíneachta seolta

I.1. Coinsíneoir Ainm Seoladh Teil.		I.2. Uimhir thagartha an deimhnithe	I.2.a.
		I.3. Údarás inniúil lárnach	
		I.4. Údarás inniúil áitiúil	
I.5. Coinsíní Ainm Seoladh Cód poist Teil.		I.6. An duine atá freagrach as an ualach san Aontas Ainm Seoladh Cód poist Teil.	
I.7. Tír thionscnaimh Cód ISO	I.8. Réigiún tionscnaimh Cód	I.9. Tír chinn scríbe Cód ISO	I.10. Réigiún cinn scríbe Cód
I.11. Áit tionscnaimh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh		I.12. Ceann scríbe Stóras custaim ☐ Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Cód poist	
I.13. Ionad luchtaithe		I.14. Dáta imeachta	
I.15. Modh iompair Eitleán ☐ Long ☐ Vaigín iarnróid ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile ☐ Sainaithint Uimhir thagartha na doiciméadachta		I.16. Pointe Iontrála PCT san Aontas	
		I.17.	
I.18. Cur síos ar an tráchtearra		I.19. Cód an tráchtearra (cód HS)	
		I.20. Cainníocht	
I.21. Teocht an táirge Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite ☐		I.22. An líon pacáistí	
I.23. Uimh. Séala/Taisceadáin		I.24. Cineál pacáistíochta	
I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh: Úsáid theicniúil ☐			
I.26. Le cur ar idirthuras tríd an Aontas chuig tríú tír ☐ Tríú tír Cód ISO		I.27. Le hallmhairiú isteach san Aontas nó le ligean isteach ann ☐	
I.28. Sainaithint na dtráchtearraí Uimhir formheasa na mbunaíochtaí Speiceas (Ainm eolaíoch) Cineál an tráchtearra Monarcha na monaraíochta An líon pacáistí Meáchan glan (kg) Uimhir na baisce			

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála[2]**

Cuid II: Deimhniúchán

II. **Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

Is mise an tréidlia oifigiúil a bhfuil a shíniú anseo thíos, agus deimhním gur léigh mé agus gur thuig mé Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]), agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011([1b]) ón gCoimisiún, agus go háirithe Caibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis, agus deimhním na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil cur síos orthu thuas a bheith

([2]) ina samplaí trádála arb éard atá iontu seachtháirgí ainmhithe a bhfuil sé beartaithe a n-úsáid i staidéir nó in anailísí áirithe dá dtagraítear sa sainmhíniú ar shamplaí trádála i bpointe 39 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ar a bhfuil an lipéad 'SAMPLA TRÁDÁLA NACH CEART DON DUINE É A CHAITHEAMH'.]

([2])nó [go gcomhlíonann siad na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar amach i bpointe II.1.]];

II.1. Na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil cur síos orthu thuas

II.1.1. is táirgí iad

([2]) [(a) a fuarthas ó ábhair a allmhairíodh ó thríú tír, ó thríú críoch nó cuid de cheann díobh sin:.....([3]) atá údaraithe le feoil úr a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach;]

([2])agus/nó [(b) ábhar a fuarthas sa tríú tír is onnmhairí nó sa tríú críoch is onnmhairí, nó cuid de cheann díobh sin:.....([3])

ó ainmhithe:

(i) a coinníodh sa tríú tír sin, sa chríoch sin nó sa chuid de atá i dteideal feoil úr a onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach ó saolaíodh an t-ainmhí nó ar feadh tréimhse 3 mhí roimhe sin ar a laghad roimh dháta a mharaithe; agus/nó

(ii) a maraíodh ar an bhfiántas sa tríú tír sin, sa chríoch sin nó sa chuid sin ([4]);]

([2])agus/nó [(c) a díorthaíodh ó uibheacha, ó bhainne, ó chreimirí, ó ghiorriaigh, ó ainmhithe a mhaireann san uisce, nó ó inveirteabraigh uisceacha nó talúnda;]

([2])[II.1.2. i gcás ábhar seachas ábhair a fhaightear ó uibheacha, bainne, creimirí, giorriaigh, geir olla, ainmhithe uisceacha, inveirteabraigh talúnda nó uisceacha agus fionnadh neamhphróiseáilte a fuarthas ó ainmhithe:

([2])is é sin [(a) ábhar ó na gabháltais:

(i) i gcás na ngalar seo a leanas, galair a bhfuil na hainmhithe soghabhálach ina leith, is galair iad nach raibh cás ar bith díobh ann, ná ráig de phlá na mbó, de ghalar saicíneach na muc, de ghalar Newcastle ná de fhliú ardphataigineach na n-éan le linn na tréimhse 30 lá go nuige sin, ná fiabhras muc clasaiceach ná fiabhras na muc Afracach le linn na tréimhse 40 lá go nuige sin; ná sna gabháltais atá i bhfoisceacht 10 km díobh, le linn na tréimhse 30 lá roimhe sin; agus

(ii) in áit nár tharla cás/ráig den ghalar crúb agus béil i rith na tréimhse 60 lá go nuige sin, ná sna gabháltais atá i bhfoisceacht 25 km den áit, i rith na tréimhse 30 lá go nuige sin; agus

(b) ainmhithe:

(i) nár maraíodh chun aon ghalar eipeasótach a dhíothú;

[([2])nó ainmhithe

(ii) a coinníodh ar a ngabháltais ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta an imeachta agus a iompraíodh díreach chuig an seamlas gan teagmháil d'ainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha sláinte céanna;

([2])nó

(ii) ainmhithe a coinníodh ar ghabháltais faoi mhaoirseacht tréidliachta sa tríú tír nó i gcuid de chríoch an tríú tír-tionscnaimh óna n-údaraítear allmhairí feola úire crúbach gan aon srian i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún]

(iii) Ar láthair an tseamlais, ainmhithe a tháinig tríd an gcigireacht sláinte réamhbháis i rith na tréimhse 24 huaire an chloig roimh am a maraithe agus nár léir iontu aon fhianaise ar na galair dá dtagraítear thuas a bhfuil na hainmhithe soghabhálach ina leith; agus

(iv) a láimhseáladh sa seamlas sular maraíodh iad nó ar uair a maraithe i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de reachtaíocht an Aontais, ainmhithe a chomhlíon ceanglais atá coibhéiseach ar a laghad leis na ceanglais atá leagtha síos i gCaibidil II agus i gCaibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle([5])]

TÍR	Seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála[2]

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

([2])nó [(a) a gabhadh nó a maraíodh ar an bhfiántas i gceantar:

(i) nach raibh cás/ráig d'aon cheann de na galair seo a leanas ann i bhfoisceacht 25 km de, galair a bhfuil na hainmhithe soghabhálach ina leith: an galar crúb agus béil, plá na mbó, an galar Newcastle, nó fliú ardphataigineach na n-éan, le linn na tréimhse 30 lá go nuige sin, ná fiabhras clasaiceach nó fiabhras na muc Afracach le linn na tréimhse 40 lá go nuige sin; agus

(ii) atá suite áit is faide ná 20 km ó na teorainneacha idir críoch eile tríú tír nó cuid di, agus gan é údaraithe ar na dátaí sin le haghaidh onnmhairiú an ábhair sin chuig an Aontas Eorpach; agus

(b) a iompraíodh, tar éis a maraithe, laistigh de thréimhse 12 huaire an chloig tar éis a maraithe chun fuarú go dtí ionad bailiúcháin agus díreach ina dhiaidh sin go dtí bunaíocht láimhseála géim, nó díreach chuig bunaíocht láimhseála géim;]]

([2])[II.1.3. i gcás ábhar seachas ábhair a dhíorthaítear ó éisc nó inveirteabraigh a gabhadh ar an bhfiántas, ábhair a fuarthas i mbunaíocht nach raibh cás/ráig de na galair dá dtagraítear i bpointe II.1.2 i bhfoisceacht 10 km de le linn tréimhse 30 lá go nuige sin, galair a bhfuil na hainmhithe soghabhálach i leith, nó i gcás cás/ráig ceann de na galair sin, nár údaraíodh onnmhairiú an amhábhair chuig an Aontas Eorpach ach amháin nuair a bhí an fheoil ar fad bainte amach as, sin agus nuair a bhí an bhunaíocht glanta agus dífhabhtaithe go hiomlán faoi chúram tréidlia oifigiúil;]

II.1.4. a fuarthas agus a ullmhaíodh gan teagmháil d'ábhar eile nach gcomhlíonann na coinníollacha a cheanglaítear thuas, agus a rinneadh a láimhseáil chun éilliú le hoibreáin phataigineacha a sheachaint;

II.1.5. a pacáladh i bpacáistíocht nua a choisceann sceitheadh nó i bpacáistiú a glanadh agus a dífhabhtaíodh sula n-úsáidtear é agus, i gcás coinsíneachtaí a loingsíodh seachas ar an bpost ina mbeartáin, i dtaisceadáin arna séalú faoi fhreagracht an údaráis inniúil, ar a bhfuil an lipéad agus seo scríofa air; 'SEACHTHÁIRGÍ AINMHITHE AMHÁIN LE hAGHAIDH MHONARÚ TÁIRGÍ DÍORTHAITHE LE hÚSÁID LASMUIGH DEN SLABHRA BEATHA' maille le hainm agus seoladh na bunaíochta cinn scríbe san Aontas Eorpach;

II.1.6. nach bhfuil iontu ach na seachtháirgí ainmhithe seo a leanas:

([2]) [- conablaigh agus codanna d'ainmhithe a maraíodh, nó i gcás géim coirp nó codanna d'ainmhithe a maraíodh a measadh a mbeith oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais go dtí go ndearbhaítear go do-athraithe ar chúiseanna tráchtála gur seachtháirgí ainmhithe atá iontu;]

([2])agus/nó [- conablaigh agus na codanna seo a leanas dár bunús ainmhithe a maraíodh i seamlas agus ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia don duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu nó coirp agus na codanna seo a leanas d'ainmhithe ó ghéim a maraíodh mar bhia le haghaidh an duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais:

(i) conablaigh nó coirp agus codanna d'ainmhithe a ndiúltaítear dóibh ós ábhar mí-oiriúnach iad mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ach nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;

(ii) cloigne éanlaith clóis;

(iii) seithí agus craicne, lena n-áirítear an fuílleach agus aon fhoroinnt orthu, adharca agus cosa, lena n-áirítear na falaing agus cnámha carpais agus meiteacharpais, cnámha tarsais agus meiteatarsais;

(iv) guaire muice;

(v) cleití;]

([2])agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ó éanlaith chlóis agus giorriaigh a mharaítear ar an bhfeirm dá dtagraítear in Airteagal 1(3)pointe (d) de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004[2a], ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;]

([2])agus/nó [- fuil ainmhithe nár léir uirthi aon rian de ghalar a d'fhéadfadh daoine nó ainmhithe a tholgadh trí fhuil a fhaightear ó ainmhithe a maraíodh i seamlas ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia le haghaidh an duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais;]

([2])agus nó [- seachtháirgí ainmhithe a thagann ó tháirgeadh táirgí atá ceaptha mar bhia le haghaidh an duine, lena n-áirítear cnámha agus geirdheascadh díbhealaithe, lártheifneoir nó deighilteoir sloda ó phróiseáil bainne;]

TÍR **Seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála(2)**

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

(2)agus/nó [- táirgí de bhunadh ainmhíoch, nó earraí bia ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch nach bhfuil ceaptha a thuilleadh mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála nó de bharr fadhbanna monaraíochta nó fadhbanna pacáistithe nó fadhbanna eile nach n-eascraíonn aon riosca don tsláinte phoiblí ná do shláinte ainmhithe astu;]

(2)agus/nó [- bia peataí agus earraí beathaithe de bhunadh ainmhíoch, nó earraí beathaithe ina bhfuil seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha a thuilleadh mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála nó de bharr fadhbanna monaraíochta nó fadhbanna pacáistithe nó fadhbanna eile nach n-eascraíonn aon riosca don tsláinte phoiblí ná do shláinte ainmhithe astu;]

(2)agus/nó [- fuil, broghais, olann, cleití, gruaig, cluimhreach, adharca, gearrthóga crúb agus bainne amh dár bunús ainmhithe beo nár léir orthu rian de ghalar atá teagmhálach don duine ná d'ainmhithe tríd an táirge sin;]

(2)agus/nó [- ainmhithe uisceacha, agus codanna d'ainmhithe den sórt sin, seachas mamaigh mhara, nár léir orthu aon rian de ghalair atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;]

(2)agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe de chuid ainmhithe uisceacha dár bunús monarchana nó bunaíochtaí ina monaraítear táirgí a bheidh á gcaitheamh ag an duine;]

(2)agus/nó [- ón ábhar seo a leanas dár bunús ainmhithe nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe:

(i) sliogáin ó shliogéisc a bhfuil fíochán bog iontu nó bia bog;

(ii) na nithe seo a leanas dár bunús ainmhithe talúnda:

— seachtháirgí gorlainne;

— uibheacha;

— seachtháirgí uibheacha lena n-áirítear blaoscanna uibhe;

(iii) sicíní lae a maraíodh ar chúiseanna tráchtála;]

(2)agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ó inveirteabraigh uisceacha nó talúnda seachas speicis atá pataigineach don duine nó d'ainmhithe;]

(2)agus/nó [- ainmhithe agus codanna díobh d'oird zó-eolaíochta Rodentia agus Lagomorpha cé is moite d'ábhar Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (a)(iii), (iv) agus (v) de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus ábhar Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9 pointí (a) go (g) den Rialachán sin;]

(2)agus/nó [- fionnaidh dár bunús ainmhithe marbha nár léir orthu aon rian de ghalar a bheadh teagmhálach don duine nó d'ainmhithe tríd an táirge sin;]

II.1.7. iad arna ndomhainreo sa phlanda tionscnaimh nó iad leasaithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar bhealach nach loitfear iad idir am a seolta agus am a seachadta chuig an monarcha cinn scríbe.

(2)(6)[II.1.8.

(2)(7)

II.1.8.1. Is ó ainmhithe a fuarthas sa tír, sa chríoch nó sa chuid de dá dtagraítear i bpointe II.1.1 a thagann na seachtháirgí ainmhithe sa choinsíneacht seo, áit a ndéantar cláir vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb agus béil go rialta agus áit a rialaítear go hoifigiúil iad i mbó-ainmhithe clóis.]]

(2)(8)

agus/nó[II.1.8.2. Is éard atá sna seachtháirgí ainmhithe sa choinsíneacht seo seachtháirgí ainmhithe a dhíorthaítear ó scairteach nó feoil dhíchnámhaithe.]]

(2)[II.1.9. Na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil cur síos orthu thuas

(2) [is ó ainmhithe athchogantacha a dhíorthaítear iad seachas ó bhó-ainmhithe nó ó ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar.]]

(2)nó [is ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar a dhíorthaítear iad agus gan iad díorthaithe ó na nithe seo a leanas:

(2) [ábhair bhólachta, caorach agus gabhair seachas ábhair a dhíorthaítear ó ainmhithe a saolaíodh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe mar riosca diomaibhseach einceifileapaite spúinseach bólachta (ESB) de réir Chinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún(9).]]

(2)nó [(a) ábhar riosca sonrach faoi mar a shainítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (10);

(b) feoil a scartar ó chnámha bó-ainmhithe le hinneall, nó ó chnámha ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar, seachas ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe ina riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, nach raibh aon chás dúchasach den ESB ann,

(c) seachtháirge ainmhithe nó táirge díorthaithe a fuarthas ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál na gcaorach nó de chineál na ngabhar a maraíodh, tar éis a néalaithe, trí stolladh i bhfíochán na néaróg le huirlis fhada ar chruth slaite a cuireadh isteach sa chuas cráiniach, nó trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach, seachas i gcás na n-ainmhithe a saolaíodh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe mar riosca diomaibhseach BSE de réir Chinneadh 2007/453/CE.]]]

TÍR	**Seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála[2]**

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

II.1.10 Na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil cur síos orthu thuas:

([2]) [níl bainne ná táirgí bainne iontu de bhunadh ainmhithe de chineál na gcaorach ná na ngabhar, ná ní bheartaítear a n-úsáid mar bheatha d'ainmhithe saothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh.]

([2])nó [níl bainne ná táirgí bainne ann de bhunadh ainmhithe de chineál na gcaorach ná na ngabhar agus tá sé beartaithe a n-úsáid mar bheatha d'ainmhithe saothraithe, seachas ainmhithe fionnaidh, agus don bhainne nó do na táirgí bainne:

(a) is ó ainmhithe de chineál na gcaorach agus na ngabhar a dhíorthaítear iad, ainmhithe a coimeádadh go leanúnach ó saolaíodh iad i dtír ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá dualgas ann fógra a thabhairt faoin scráibeach chlasaiceach;

(ii) tá córas feasachta ann, córas faireachais agus faireacháin le haghaidh an scríobáin chlasaicigh;

(iii) tá feidhm ag srianta oifigiúla maidir le gabháltais ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar i gcás amhras faoi einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha (TSE) nó má dhearbhaítear go bhfuil an scráibeach clasaiceach ann;

(iv) ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar, déantar a marú agus a ndíothú má tá an scráibeach clasaiceach orthu;

(v) tá toirmeasc ann ainmhithe de chineál na gcaorach agus na ngabhar a bheathú le min feola agus cnámh ná le geirdheascadh de thionscnamh na n-athchogantach, faoi mar a mhínítear i gCód um Shláinte Ainmhithe Talún na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), toirmeasc a cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach sa tír ina hiomláine ar feadh na seacht mbliana go nuige sin ar a laghad;

(b) a mbunús a bheith ar ghabháltais nach bhfuil aon srian oifigiúla á fhorchur orthu mar gheall ar amhras ESI a bheith ann;

(c) a mbunús a bheith ar ghabháltais nach ndearnadh aon chás den scráibeach clasaiceach a dhiagnóisiú iontu le seacht mbliana go nuige sin ó dearbhaíodh go raibh cás den scráibeach clasaiceach ann:

([2]) [maraíodh agus díothaíodh nó maraíodh na hainmhithe uile de chineál na gcaorach agus na ngabhar ar an ngabháltas, seachas na reithí póraithe den ghéinitíopa ARR/ARR, mar aon leis na caoirigh phórúcháin ina bhfuil alléil ARR amháin ar a laghad agus gan aon alléil VRQ ná ainmhithe eile de chineál na gcaorach a bhfuil alléil ARR amháin ar a laghad á n-iompar acu;]

([2])nó [gach ainmhí a raibh an scráibeán clasaiceach air, deimhniú a bheith ann an t-ainmhí a bheith maraithe agus díothaithe, sin agus an gabháltas a bheith faoi réir dlúthfhaireachán ESI ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad ón dáta a dearbhaíodh an cás ba dhéanaí den scráibeach clasaiceach, lena n-áirítear tástáil le torthaí diúltacha ESI de réir na modhanna saotharlainne atá leagtha amach i gCaibidil C, pointe 3.2, d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, ar na hainmhithe seo a leanas go léir is sine ná 18 mí, seachas ainmhithe de chineál na gcaorach den gheinitíopa ARR/ARR:

- Ainmhithe a maraíodh mar bhia le haghaidh an duine; agus
- ainmhithe a fuair bás nó a maraíodh ar an ngabháltas ach nach faoi chreat feachtais díothaithe galair a maraíodh.]].

Nótaí

Cuid I:

— Tagairt bosca I.6: An duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: ní gá an bosca seo a líonadh isteach ach amháin más deimhniú é ar thráchtearra atá le cur ar idirthuras tríd an Aontas Eorpach; féadfar é a líonadh isteach más le tráchtearra atá le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach atá an deimhniú sin ann.

— Tagairt bosca I.11: I gcás coinsíneachtaí le haghaidh samplaí nó anailísí trádála: ná tabhair ach ainm agus seoladh na bunaíochta.

— Tagairt I.11 agus I.12 sa bhosca: Uimhir an cheadaithe: uimhir chlárúcháin na bunaíochta nó na monarchan a d'eisigh an t-údarás inniúil.

— Tagairt bosca I.12: Ceann scríbe: tá an bosca seo le líonadh isteach i gcás na dtáirgí seo a leanas:

— táirgí chun táirgí díorthaithe a mhonarú le húsáid lasmuigh den slabhra beathaithe: más deimhniú é le haghaidh tráchtearra idirthurais, agus sa chás sin amháin. Táirgí atá ar idirthuras, is táirgí iad nach féidir a stóráil ach i saorlimistéir, i dtrádstórais shaora nó i dtrádstórais custaim.

— táirgí le haghaidh samplaí nó anailísí trádála: an mhonarcha san Aontas Eorpach atá sonraithe in údarú an údaráis inniúil i gcás inarb iomchuí.

— Tagairt bosca I.15: Ní mór an uimhir chlárúcháin (vaigíní iarnróid nó taisceadáin agus leoraithe), an uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (long) a sholáthar. I gcás díluchtú agus athluchtú san Aontas Eorpach, ní mór don choinsíneoir an pointe cigireachta teorann a chur ar an eolas faoin bpointe iontrála san Aontas Eorpach.

— Tagairt bosca I.19: úsáid an cód cuí Córais Chomhchuibhithe (HS) faoi na ceannteidil seo a leanas: 04.01; 04.02; 04.03; 04.04; 04.08; 05.05; 05.06, 05.07; 05.11.91; 05.11.99, 23.01 nó 30.01.

TÍR	Seachtháirgí ainmhithe atá le húsáid chun críocha lasmuigh den slabhra beathaithe nó le haghaidh samplaí trádála[2]

II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

— Tagairt bosca I.23: i gcás bulc-thaisceadán, ní mór uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a áireamh.

— Tagairt bosca I.25:

  — úsáid theicniúil: aon úsáid seachas beathú ainmhithe saothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh, agus táirgeadh nó monarú bia peataí;

  — chun críocha an deimhnithe, is 'úsáid theicniúil' atá san úsáid mar shampla trádála.

— Tagairt I.26 agus I.27 sa bhosca: ach amháin i gcás samplaí trádála, samplaí nach gcuirtear ar idirthuras, líon isteach de réir más deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá ann.

— Tagairt bosca I.28:

  — táirgí chun táirgí díorthaithe a mhonarú le húsáid lasmuigh den slabhra beathaithe: Monarcha na monaraíochta: uimhir rialaithe tréidliachta na bunaíochta formheasta a sholáthar;

  — táirgí le haghaidh staidéir nó anailísí teicneolaíochta áirithe: an mhonarcha san Aontas Eorpach atá sonraithe in údarú an údaráis inniúil i gcás inarb iomchuí;

  — speiceas: roghnaigh mír as an méid seo a leanas: Aves, Ruminantia, Suidae, Mammalia cé is moite de Ruminantia nó Suidae, Pesca, Mollusca, Crustacea, inveirteabraigh cé is moite de Mollusca agus Crustacea.

Cuid II:

(1a) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

(1b) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(2a) IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

(3) Ainm agus códuimhir ISO na tíre onnmhairiúcháin faoi mar a leagtar síos in:

— Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1);

— Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus

— Iarscríbhinn le Rialachán (CE) Uimh. 119/2009 ón gCoimisiún (IO L 39, 10.2.2009, lch. 12).

Ina theannta sin, ní mór cód ISO na gcríoch agus na gcodanna de a áireamh i gcás inarb infheidhme, críocha agus codanna dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus le Rialachán (CE) Uimh. 119/2009 dá dtagraítear sa nóta seo (i gcás inarb infheidhme maidir leis na speicis shoghabhálacha lena mbaineann).

(4) i gcás tíortha a bhfuil údarú ann géimfheoil a allmhairiú astu isteach san Aontas Eorpach, géimfheoil de chuid an speicis ainmhí chéanna atá ceaptha mar bhia don duine.

(5) IO L 303, 18.11.2009, lch. 1.

(6) Ráthaíochtaí breise a bheidh le cur ar fáil i gcás nach mbeidh ábhar na n-athchogantach baile de thionscnamh críche tíre de chuid Mheiriceá Theas nó de chuid na hAfraice Theas, nó cuid den chríoch sin, údaraithe lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach ach amháin go bhfuil feoil úr aibithe agus díchnámhaithe ó athchogantaigh baile mar bhia don duine údaraithe lena honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach. Ceadaítear freisin matáin mhaisithe iomlána bó-ainmhithe, arna ngearradh i gcomhréir le ceanglais Roinn IV, Caibidil I, Cuid B.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 139, 30.4.2004, lch. 206).

(7) Le haghaidh cuid de thíortha Mheiriceá Theas agus na hAfraice Theas agus iad sin amháin.

(8) Le haghaidh cuid de thíortha Mheiriceá Theas agus na hAfraice Theas agus iad sin amháin.

(9) IO L 172, 30.6.2007, lch. 84.

(10) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

— Ní mór an síniú agus an stampa a bheith ar mhalairt datha ó chló an téacs.

— Nóta don duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: is chun críocha na tréidliachta amháin a bheidh an deimhniú seo agus ní mór é a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sé an post cigireachta teorann ag an bpointe iontrála san Aontas Eorpach.

Tréidlia oifigiúil/Cigire oifigiúil

Ainm (ina cheannlitreacha): Cáilíocht agus teideal:

Dáta: Síniú:

Stampa:

";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10(B):

"CAIBIDIL 10(B)

Deimhniú sláinte

Maidir le saillte leáite nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine le húsáid chun críocha áirithe lasmuigh den slabhra beathaithe agus é beartaithe iad a sheoladh chuig an Aontas Eorpach nó lena n-iompar trí[2]

TÍR: **Deimhniú tréidliachta le haghaidh an Aontais**

Cuid I: Sonraí na coinsíneachta seolta

I.1. Coinsíneoir Ainm Seoladh Teil.		I.2. Uimhir thagartha an deimhnithe	I.2.a.
		I.3. Údarás inniúil lárnach	
		I.4. Údarás inniúil áitiúil	
I.5. Coinsíní Ainm Seoladh Cód poist Teil.		I.6. An duine atá freagrach as an ualach san Aontas Ainm Seoladh Cód poist Teil.	
I.7. Tír thionscnaimh Cód ISO	I.8. Réigiún tionscnaimh Cód	I.9. Tír chinn scríbe Cód ISO	I.10. Réigiún cinn scríbe Cód
I.11. Áit tionscnaimh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh		I.12. Ceann scríbe Stóras custaim ☐ Ainm Uimhir an cheadaithe Seoladh Cód poist	
I.13. Ionad luchtaithe		I.14. Dáta imeachta	
I.15. Modh iompair Eitleán ☐ Long ☐ Vaigín iarnróid ☐ Feithicil bhóthair ☐ Eile ☐ Sainaithint Na tagairtí don doiciméadacht		I.16. Pointe Iontrála PCT san Aontas	
		I.17.	
I.18. Cur síos ar an tráchtearra		I.19. Cód an tráchtearra (Cód HS)	
			I.20. Cainníocht
I.21. Teocht an táirge Comhthimpeallach ☐ Fuaraithe ☐ Reoite ☐			I.22. An líon pacáistí
I.23. Uimh. Séala/Taisceadáin			I.24. Cineál pacáistíochta
I.25. Tráchtearraí arna ndeimhniú le haghaidh: Úsáid theicniúil ☐			
I.26. Le cur ar idirthuras tríd an Aontas chuig tríú tír ☐ Tríú tír Cód ISO		I.27. Le hallmhairiú chuig an Aontas nó le ligean isteach ann ☐	
I.28. Sainaithint na dtráchtearraí Uimhir formheasa na mbunaíochtaí Speiceas Monarcha na monaraíochta An líon pacáistí Meáchan glan (kg) Uimhir na baisce Ainm eolaíoch			

TÍR	Saillte leáite chun críocha áirithe lasmuigh den slabhra beathaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine

Cuid II: Deimhniúchán

II.	Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

Is mise an tréidlia oifigiúil a bhfuil a shíniú anseo thíos, agus deimhním gur léigh mé agus gur thuig mé, gur léigh mé agus gur thuig mé Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]), agus go háirithe Airteagal 8, Airteagal 9 agus Airteagal 10 de, agus Rialachán (AE) Uimh. 142/2011([1b]) ón gCoimisiún, agus go háirithe Caibidil II d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis, agus deimhním go bhfuil na saillte leáite a bhfuil tuairisc orthu thuas:

II.1. is éard atá iontu saillte leáite nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine, saillte a chomhlíonann na ceanglais sláinte thíos;

II.2. is leis na seachtháirgí ainmhíocha seo a leanas a ullmhaíodh iad gan eisceacht:

([2])[II.2.1. i gcás ábhar atá beartaithe le haghaidh táirgeadh breoslaí in-athnuaite dá dtagraítear i gCaibidil IV, Roinn 2, pointe L d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, táirgí bithdhíosail nó táirgí ola-cheimiceacha, seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 8, Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;]

([2])[II.2.2. i gcás ábhar atá beartaithe le haghaidh táirgeadh breoslaí in-athnuaite dá dtagraítear i gCaibidil IV, Roinn 2, pointe J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, is ó sheachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9 agus in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 a ullmhaíodh na hábhair gan eisceacht;]

([2])[II.2.3. i gcás ábhar atá beartaithe chun críocha seachas cosmaidí, cógaisíocht nó feistí leighis, is ó na hábhair seo a leanas a ullmhaíodh iad gan eisceacht:

([2]) [- seachtháirgí ainmhithe ina bhfuil iarmhair de shubstaintí údaraithe nó d'ábhar éillithe a sháraíonn na leibhéil cheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 15(3) de Threoir 96/23/CE ón gComhairle([2a]);]

([2])agus/nó [- táirgí de bhunadh ainmhíoch a ndearbhaítear a mbeith mí-oiriúnach mar bhia don duine de bharr earraí coimhthíocha a bheith sna táirgí sin;]

([2])agus/nó [- ainmhithe agus codanna d'ainmhithe, seachas na hainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, is é sin ainmhithe a fuair bás ní hionann agus a marú le bia a dhéanamh don duine, lena n-áirítear ainmhithe a mharaítear chun críocha rialaithe galar;]

([2])agus/nó [- conablaigh agus codanna d'ainmhithe a mharaítear nó, i gcás géim, coirp nó codanna d'ainmhithe, a mharaítear agus atá oiriúnach mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ach nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála;]

([2])agus/nó [- conablaigh agus na codanna seo a leanas dár bunús ainmhithe a maraíodh i seamlas agus ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia don duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu nó coirp agus na codanna seo a leanas d'ainmhithe ó ghéim a maraíodh mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais:

(i) conablaigh nó coirp agus codanna d'ainmhithe a ndiúltaítear dóibh ós ábhar mí-oiriúnach iad mar bhia don duine i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ach nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;

(ii) cloigne éanlaith clóis;

(iii) seithí agus craicne, lena n-áirítear a gcuid fuílleach agus aon fhoroinnt orthu, adharca agus cosa, lena n-áirítear na falaing agus cnámha carpais agus meiteacharpais, cnámha tarsais agus meiteatarsais;

(iv) guaire muice;

(v) cleití;]

([2])agus/nó [- fuil ainmhithe nár léir orthu aon rian de ghalar a d'fhéadfadh daoine nó ainmhithe a tholgadh trí fhuil a fhaightear ó ainmhithe a maraíodh i seamlas ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia don duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais;]

([2])agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe a thagann ó tháirgeadh táirgí atá ceaptha mar bhia don duine, lena n-áirítear cnámha agus geirdheascadh díbhealaithe, lártheifneoir nó deighilteoir sloda ó phróiseáil bainne;]

([2])agus/nó [- táirgí de bhunadh ainmhíoch, nó earraí bia ina bhfuil táirgí de bhunadh ainmhíoch nach bhfuil ceaptha a thuilleadh mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála nó de bharr fadhbanna monaraíochta nó fadhbanna pacáistithe nó fadhbanna eile nach n-eascraíonn aon riosca don tsláinte phoiblí ná do shláinte ainmhithe astu;]

([2])agus/nó [- bia peataí agus ábhair bheathaithe de bhunadh ainmhíoch, nó ábhair bheathaithe ina bhfuil seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha a thuilleadh mar bhia don duine ar chúiseanna tráchtála nó de bharr fadhbanna monaraíochta nó fadhbanna pacáistithe nó fadhbanna eile nach n-eascraíonn aon riosca do sláinte an phobail astu ná do shláinte ainmhithe;]

TÍR **Saillte leáite chun críocha áirithe lasmuigh den slabhra beathaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine**

II.	**Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

(2)agus/nó [- fuil, broghais, olann, cleití, gruaig, cluimhreach, adharca, gearrthóga crúb agus bainne amh dár bunús ainmhithe beo nár léir orthu rian d'aon ghalar atá teagmhálach don duine ná d'ainmhithe tríd an táirge sin;]

(2)agus/nó [- ainmhithe uisceacha, agus codanna d'ainmhithe den sórt sin, seachas mamaigh mhara, nár léir orthu aon rian de ghalair atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe;]

(2)agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ó ainmhithe uisceacha dár bunús ó mhonarchana nó ó bhunaíochtaí ina monaraítear táirgí a bheidh á gcaitheamh ag an duine;]

(2)agus/nó [- ón ábhar seo a leanas dár bunús ainmhithe nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe:

(i) sliogáin ó shliogéisc a bhfuil fíochán bog iontu nó bia bog;

(ii) na nithe seo a leanas dár bunús ainmhithe talúnda:

— seachtháirgí gorlainne,

— uibheacha,

— seachtháirgí uibheacha lena n-áirítear blaoscanna uibhe,

(iii) sicíní lae a maraíodh ar chúiseanna tráchtála;]

(2)agus/nó [- inveirteabraigh uisceacha agus talúnda seachas speicis atá pataigineach don duine nó d'ainmhithe;]

(2)agus/nó [- ainmhithe agus codanna díobh d'oird zó-eolaíochta Rodentia agus Lagomorpha, ach amháin ábhar Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8 pointe (a)(iii), (iv) agus (v), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus ábhar Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9 pointí (a) go (g) den Rialachán sin;]

(2)agus/nó [- seithí agus craicne, crúba, cleití, olann, adharca, gruaig, cluimhreach agus fionnadh dár bunús ainmhithe marbha nár léir orthu aon rian de ghalar atá teagmhálach don duine nó d'ainmhithe tríd an táirge sin;]

(2)agus/nó [- fíochán saille dár bunús ainmhithe nár léir air aon rian de ghalar a d'fhéadfadh daoine nó ainmhithe a tholgadh, ainmhithe a maraíodh i seamlas ar measadh a mbeith oiriúnach le marú mar bhia don duine tar éis cigireacht ante-mortem a dhéanamh orthu i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais;]]

(2)[II.2.4. i gcás ábhar atá beartaithe chun críocha eile seachas táirgeadh leasachán orgánach nó táirgí feabhsaithe ithreach, cosmaidí, feistí cógaisíochta nó míochaine:

(2) [- ábhar riosca sonraithe faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) pointe (g) de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2b];]

(2)agus/nó [- coirp iomlána nó codanna d'ainmhithe marbha ina bhfuil ábhar riosca sonrach faoi mar a shainmhínítear i bpointe (g) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 tráth a ndiúscartha;]

(2)agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe a dhíorthaíodh ó ainmhithe a chuaigh faoi chóireáil mhídhleathach faoi mar a shainmhínítear í in Airteagal 1(2) pointe (d) de Threoir 96/22/CE[2(c)] ón gComhairle nó in Airteagal 2, pointe (b) de Threoir 96/23/CE;]

(2)agus/nó [- seachtháirgí ainmhithe ina bhfuil iarmhair de shubstaintí eile agus d'ábhair éillithe comhshaoil atá liostaithe i nGrúpa B(3) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/23/CE, má théann na hiarmhair sin thar an leibhéal ceadaithe a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais, nó murab ann dó sin, le reachtaíocht an Bhallstáit is onnmhairí;]]

II.3. saillte leáite:

(a) ndearnadh próiseáil orthu de réir mhodh..... (léirigh an modh próiseála) faoi mar atá leagtha amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, chun oibreáin phataigineacha a mharú,

[(2)(b) ábhair de Chatagóir 1 agus 2 a bheith marcáilte le gliocróltriheipeanáit (GTH) sula seoltar chuig an Aontas Eorpach é ionas go mbeidh rud nach lú ná íostiúchan aonchineálach 250 mg GTH in aghaidh an chileagraim saille ann,]

(c) i gcás saillte leáite de thionscnamh na n-athchogantach, eisíontais dhothuaslagtha de bhreis ar 0,15 % de mheáchan a bheith glanta,

(d) a mbeith arna n-iompar faoi choinníollacha a choisceann a n-éilliú, agus

(e) lipéid a bheith ar an bpacáistíocht nó ar an taisceadán a bhfuil seo scríofa air; 'NÍ CEART SEO A THABHAIRT LE CAITHEAMH DO DHUINE NÁ D'AINMHÍ;

TÍR **Saillte leáite chun críocha áirithe lasmuigh den slabhra beathaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine**

II.	**Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.

([2])[II.4. i gcás na n-ábhar a úsáidfear le leasúcháin orgánacha a dhéanamh, sin nó cosmaidí, earraí cógaisíochta, feistí míochaine, nó táirgí feabhsaithe ithreach, is mar a leanas do na saillte leáite a bhfuil cur síos orthu thuas

([2]) [is ó ainmhithe athchogantacha a dhíorthaítear iad nach de chineál na mbó-ainmhithe iad ná de chineál na gcaorach ná na ngabhar.]

([2])nó [is ó chineál na mbó-ainmhithe na gcaorach nó na ngabhar a dhíorthaítear iad ní uathu seo a leanas:

([2]) [ábhair ó chineál na mbó-ainmhithe, na gcaorach nó na ngabhar seachas ábhair a dhíorthaítear ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe mar chontúirt diomaibhseach einceifileapaite spúinseach bólachta (ESB) de réir Chinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún([3]).]

([2])nó [(a) ábhar riosca sonrach a shainmhínítear i bpointe 1 d'larscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(b) feoil a scartar ó chnámha bó-ainmhithe le hinneall, nó ó chnámha ainmhithe de chineál na gcaorach nó na ngabhar, seachas ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach, agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe ina riosca diomaibhseach ESB i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE, nach raibh aon chás dúchasach den ESB ann,

(c) seachtháirge ainmhithe nó táirge díorthaithe a fuarthas ó chineál na mbó-ainmhithe na gcaorach nó na ngabhar, ainmhithe a maraíodh tar éis a néalaithe, trí stolladh i bhfíochán na néaróg le huirlis fhada ar chruth slaite a cuireadh isteach sa chuas cráiniach, nó trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach, seachas i gcás na n-ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a maraíodh i dtír nó i réigiún atá aicmithe mar riosca diomaibhseach BSE de réir Chinneadh 2007/453/CE.]]]

Nótaí

Cuid I:

— Tagairt bosca I.6: An duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: ní gá an bosca seo a líonadh isteach ach amháin más deimhniú é tráchtearra a bheith ar idirthuras tríd an Aontas Eorpach; féadfar é a líonadh isteach más le tráchtearra atá le hallmhairiú isteach san Aontas Eorpach atá an deimhniú sin.

— Tagairt bosca I.11: Uimhir an cheadaithe: uimhir chlárúcháin na bunaíochta nó na monarchan atá arna heisiúint ag an údarás inniúil.

— Tagairt bosca I.12:

- Uimhir an cheadaithe: uimhir chlárúcháin na bunaíochta nó na monarchan atá arna heisiúint ag an údarás inniúil;
- Ceann scríbe: níl an bosca seo le líonadh isteach ach amháin más deimhniú é ar thráchtearra idirthurais. Táirgí atá ar idirthuras, is táirgí iad nach féidir a stóráil ach i saorlimistéir, i dtrádstórais shaora nó i dtrádstórais custaim.

— Tagairt bosca I.15: Ní mór an uimhir chlárúcháin (vaigíní iarnróid nó taisceadán agus leoraithe), an uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (long) a sholáthar. I gcás díluchtú agus athluchtú san Aontas Eorpach, ní mór don choinsíneoir an post cigireachta teorann a chur ar an eolas faoin bpointe iontrála san Aontas Eorpach.

— Bosca I.19: úsáid an cód cuí Córais Chomhchuibhithe (HS) faoi na ceannteidil seo a leanas: 04.05; 15.01, 15.02; 15.03; 15.04; 15.05; 15.06; 15.16 nó 15.18.

— Tagairt bosca I.23: i gcás bulc-thaisceadáin, ní mór uimhir an taisceadáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a áireamh.

— Tagairt bosca I.25: úsáid theicniúil: gach úsáid seachas beathú ainmhithe saothraithe, cé is moite d'ainmhithe fionnaidh nó peataí, agus táirgeadh nó monarú bia peataí.

— Tagairt I.26 agus I.27 sa bhosca: líon isteach de réir más deimhniú idirthurais nó deimhniú allmhairiúcháin atá i gceist.

— Tagairt bosca I.28:

- speiceas: roghnaigh mír as an méid seo a leanas: Ruminantia, seachas Ruminantia;
- Monarcha na monaraíochta: uimhir chlárúcháin na cóireála/na próiseála a sholáthar bunaíocht.

Cuid II:

(1a) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

(1b) IO L 54, 26.2.2011, lch. 1.

(2) Scrios de réir mar is iomchuí.

(2a) IO L 125, 23.5.1996, lch. 10.

(2b) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

(2c) IO L 125, 23.5.1996, lch. 3.

(3) IO L 172, 30.6.2007, lch. 84.

TÍR **Saillte leáite chun críocha áirithe lasmuigh den slabhra beathaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine**

II. **Faisnéis sláinte**	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b.
— Ní mór an síniú agus an stampa a bheith ar mhalairt datha ó chló an téacs. — Nóta don duine atá freagrach as an gcoinsíneacht san Aontas Eorpach: is chun críocha na tréidliachta amháin an deimhniú seo, agus ní mór é a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht go dtí go sroichfidh sé an post cigireachta teorann ag an bpointe iontrála san Aontas Eorpach.		
Tréidlia oifigiúil/Cigire oifigiúil Ainm (ina cheannlitreacha): Cáilíocht agus teideal: Dáta: Síniú: Stampa:		

”.